C/2026/5285

12.10.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/5285)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Meursault'

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A1017-AM01 — 13.7.2026

1. **Ainm an táirge**

'Meursault'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **An Ballstát atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Agraibhia agus Bhiafhlaithis, Ard-Stiúrthóireacht Fheidhmíocht Eacnamaíoch agus Chomhshaoil na bhFiontar

6. **Cáilíocht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Fraince go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge sin mar a shainmhínítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Níl i gceist leis an iarratas ar leasú ar an ATFC 'Meursault' aon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad; go sonrach:

(a) níl i gceist leis athrú ar an ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí a ainmnítear leis an tásc geografach;

(b) níl an baol ann go gcuirfeadh sé an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

Dá bhrí sin, measann údaráis na Fraince gur iarratas ar leasú caighdeánach an t-iarratas.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta**

Teideal

Limistéar geografach

Tuairisc

I gCaibidil I, Roinn IV(1) den tsonraíocht táirge, cuireadh isteach an abairt 'Is féidir breathnú ar léarscáileanna den limistéar geografach ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO).'

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Limistéar dáileachta talún críochaithe

Tuairisc

I gCaibidil I, Roinn IV(2) den tsonraíocht táirge, leasaíodh an abairt deiridh chun an méid seo a leanas a dhéanamh: 'Is féidir breathnú ar léarscáileanna den limistéar dáileachta talún críochaithe ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO).'

I gCaibidil I, Roinn IV(2)(b) den tsonraíocht táirge, leasaíodh an abairt deiridh chun an méid seo a leanas a dhéanamh: 'Is féidir breathnú ar léarscáileanna den limistéar dáileachta talún críochaithe ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO).'

Tar éis cinneadh ón gcoiste náisiúnta inniúil, d'athraigh INAO a nósanna imeachta agus ní chuirfidh sé léarscáileanna an limistéir dáileachta talún críochaithe faoi bhráid hallaí baile na mbardas ábhartha a thuilleadh ach foilseoidh sé iad go díreach ar a shuíomh gréasáin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Limistéar díreach in aice láimhe

Tuairisc

I gCaibidil I, Roinn IV(3) den tsonraíocht táirge, i ndiaidh 'críoch na mbardas seo a leanas a chomhdhéanamh', cuireadh an frása 'ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2024' isteach.

Leis an leasú eagarthóireachta sin is féidir an limistéar atá díreach in aice láimhe a shainaithint i ndáil le leagan 2024 den Chód Geografach Oifigiúil, arna fhoilsiú ag INSEE. Leis an tagairt seo tugtar deimhneacht dhlíthiúil don sainmhíniú ar an limistéar atá díreach in aice láimhe.

Tugadh ainmneacha na mbardas atá sa limistéar cothrom le dáta chun athruithe riaracháin a chur san áireamh. Níl aon athrú ar a theorainneacha.

Leasaíodh an doiciméad aonair faoin gceannteideal 'Ceanglais bhreise is infheidhme'.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Cineálacha fíniúna

Tuairisc

I gCaibidil I, Roinn V(1)(a) agus (b) den tsonraíocht táirge, cuireadh an méid seo a leanas isteach i gcás na gcineálacha údaraithe: 'na cineálacha Aligoté B, Melon B, Sacy B agus César N, faoi réir comhaontú a bheith sínithe ag an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO), ag an gcomhlacht cosanta agus bainistíochta (ODG), ag an oibreoir údaraithe lena mbaineann agus ag an oibreoir fíonóireachta i gcomhréir leis an gcreat-chomhaontú arna fhormheas ag an gcoiste náisiúnta ábhartha'.

Cuireadh isteach iad mar chineálacha spéise chun críoch oiriúnaithe toisc go bhfuil saintréithe agranamaíocha acu atá suimiúil le haghaidh an ainmniúcháin d'fhonn iad a oiriúnú don athrú aeráide, chomh maith le próifíl aramatach atá comhsheasmhach leis an bpróifíl atá á lorg ag táirgeoirí.

Leasaíodh an pointe ‘Cineál nó cineálacha fíonchaor’ den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Rialacha maidir le codanna plandaithe

Tuairisc

I gCaibidil I, Roinn V(2) den tsonraíocht táirge, cuireadh an chéad mhír seo a leanas isteach: ‘Tá cion Aligoté B, Melon B, Sacy B agus César N teoranta do 10 % de na cineálacha fíniúna agus 1 heicteár amháin in aghaidh an ghabháltais. Déantar measúnú ar chomhréireacht na gcineálacha fíniúna ar dháileachtaí talún uile an ghabháltais ina dtáirgtear an fíon a chumhdaítear leis an ainmniúchán.’

Tá limistéir na gcineálacha ar díol spéise iad chun críoch oiriúnaithe teoranta toisc go dtugtar isteach iad le haghaidh tréimhse mheasúnaithe laistigh de gach gabháltas rannpháirteach.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Dlús plandaithe

Tuairisc

I gCaibidil I, pointe VI(1) den tsonraíocht táirge, cuireadh an mhír seo a leanas leis: ‘Féadfaidh fíniúnacha dlús plandaithe íosta 5 000 planda in aghaidh an heicteáir a bheith acu agus spásáil 2,20 méadar nó níos lú idir sraitheanna, faoi réir comhaontú a bheith sínithe ag INAO, ag ODG, ag an oibreoir údaraithe lena mbaineann agus ag an oibreoir fíonóireachta i gcomhréir leis an gcreat-chomhaontú arna fhormheas ag an gcoiste náisiúnta ábhartha. Tá limistéar na bhfíniúnacha sin teoranta do 10 % d’achar iomlán dháileachtaí talún an ghabháltais ina dtáirgtear an fíon a chumhdaítear leis an ainmniúchán agus do 1 heicteár in aghaidh an ghabháltais.’

Leis an bhforáil sin, ceadaítear do shaothraithe fíona measúnú a dhéanamh ar an modh oiliúna sin maidir le limistéir theoranta chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnú na gcleachtas don athrú aeráide.

Leasaíodh an pointe ‘Cleachtais fhíoneolaíocha’ den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Prúnáil

Tuairisc

Cuireadh an abairt seo a leanas le Caibidil I, pointe VI(1)(b) den tsonraíocht táirge: ‘I gcás fíniúnacha a chuirtear ag níos lú ná 9 000 planda in aghaidh an heicteáir, oiriúnaíodh na rialacha prúnála chun a chur san áireamh gur in aghaidh an mhéadair chearnaigh atá an líon bachlóg nó craobhacha ar a bhfuil torthaí in aghaidh an phlanda.’

Cuireadh an riail sin isteach chun prúnáil i ndáileachtaí talún a bhfuil dlús sonrach acu *vis-à-vis* an dlús traidisiúnta a rialáil.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Riocht na bhfíniúnacha

Tuairisc

I gCaibidil I, pointe VI(1)(f) den tsonraíocht táirge, cuireadh an mhír seo a leanas leis: ‘Plandaí a shainaithnítear le linn an tséasúir fáis mar phlandaí a léiríonn comharthaí de bhuíochan an fhíteaplasma, ní mór iad a stoitheadh roimh an 31 Márta den bhliain tar éis na buana.

Tá na trí shiomptóm seo a leanas mar shaintréith de bhuíochan na bhfíniúnacha:

— teip ar na péacáin ligniú;

— sleabhcadh na dtriopall fíonchaor;

— dídhathú páirteach nó iomlán na nduilleog, lena ngabhann rolladh duilleog.'

Is é is aidhm don fhoráil sin díothú na bplandaí a ndéanann na galair sin difear dóibh, a bhfuil a bhfíonchaora ar cháilíocht níos ísle.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Cleachtais saothraithe eile

Tuairisc

Baineadh an rogha modhanna seachas cóireáil uisce the a úsáid chun an galar buíochain a chomhrac ó Chaibidil I, Roinn VI(2)(b) den tsonraíocht táirge, ós rud é nach bhfuil aon mhodh malartach éifeachtach.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Cumasc

Tuairisc

I gCaibidil I, pointe IX(1) den tsonraíocht táirge, cuireadh na míreanna seo a leanas leis:

'Fíonchaora ó fhíniúnacha a chuirtear ag dlús níos lú ná 9 000 planda in aghaidh an heicteáir agus a chumhdaítear le comhaontú, déantar fíonta díobh ar leithligh. Ní fhéadfar iad a chumasc ach amháin tar éis samplaí a chur faoi bhráid ODG.

Ní fhéadfaidh níos mó ná 15 % d'fhíonchaora a bheith sa chumasc deiridh atá incháilithe don ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

— ó na cineálacha fíniúna seo a leanas: César N, Aligoté B, Melon B agus Sacy B, chomh maith le

— ó fhíniúnacha a chuirtear ag dlús idir 5 000 agus 9 000 planda in aghaidh an heicteáir, agus iad á mbreithniú le chéile nó ar leithligh.'

Leis na rialacha cumaisc nua sin, beifear in ann measúnú a dhéanamh ar thionchar na gcineálacha sin agus ar thionchar dlús níos ísle ar shaintréithe na bhfíonta.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Rialacha maidir le cur i láthair agus lipéadú

Tuairisc

I gCaibidil I, Roinn XII(2)(f) den tsonraíocht táirge, scriosadh an fhoráil lena gceanglaítear, nuair a léirítear bliain an fhíona ar an lipéad fíona, gur baineadh na fíonchaora uile a úsáideadh chun an fíon a dhéanamh sa bhliain atá luaite.

Cuirfidh sé sin ar a gcumas d'oibreoirí fíon suas le 15 % ó bhliain fíona eile a úsáid i gcás ina léirítear bliain an fhíona ar lipéad an fhíona. Tá gá leis an gcleachtas sin, go háirithe, chun gur féidir bairillí a bhreisiú le fíonta ó bhliain fíona roimhe sin.

Leasaíodh an doiciméad aonair faoin gceannteideal 'Ceanglais bhreise is infheidhme'.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tagairtí don chomhlacht cigireachta

Tuairisc

I gCaibidil III, Roinn II den tsonraíocht táirge, leasaíodh na forálacha a bhaineann leis an gcomhlacht cigireachta chun rialacha nua maidir le dréachtú a chomhlíonadh.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

'Meursault'

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A1017-AM01 — 13.7.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Meursault'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Fhrainc

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

Fíon geal tirim

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Gan saintréithe speisialta

Dea-bholadh

Tá na fíonta geala tirim agus tá cumhracht láidir ina saintréith acu, agus is minic a bhíonn meascán de shiollaí tóstáilte agus almóinne le brath orthu.

Blas

Sa bhéal, bíonn an fíon aramatach marthanach maothlach mar gheall ar an uigeacht mhín, shéimh, arna cothromú leis an aigéadacht is gá le haghaidh fíonta a bhfuil acmhainneacht aosúcháin iontu. I measc fhíonta na Burgúine, tá fíonta geala 'Meursault' sainiúil mar gheall ar an gcarachtar casta ceannasach sin.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	—
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Tá neart alcóil nádúrtha íosta 11 % de réir toirte ag na fíonta geala.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíonta dearga

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Gan saintréithe speisialta

Dea-bholadh

Is fíonta neamhchoitianta iad sin a bhfuil meas ar a mblas torthaí dearga, agus go háirithe silíní dubha, chomh maith lena n-úire agus a bhfíneáltacht.

Blas

Is fíonta neamhchoitianta iad sin a bhfuil meas ar a n-úire agus ar a bhfíneáltacht.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	—
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Tá neart alcóil nádúrtha íosta 10,5 % de réir toirte ag na fíonta.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

—

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

— Ceadaítear teicnící laghdúcháin chun fíon a shaibhriú i gcás na bhfíonta dearga suas le ráta tiúchana 10 %.

— Tá toirmeasc ar shliseanna adhmaid a úsáid.

— Tar éis an tsaibhrithe, níor cheart neart alcóil iomlán na bhfíonta a bheith níos mó ná 13,5 % de réir toirte.

Comhlíonann na cleachtais fhíoneolaíocha a úsáidtear chun na fíonta a dhéanamh rialacháin an Aontais.

Cleachtas fíoneolaíoch

An modh saothraithe

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

An modh saothraithe

Tuairisc

(a) Dlús plandaithe — Is é 9 000 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha, agus achar uasta 1,25 méadar idir sraitheanna agus achar íosta 0,50 méadar idir plandaí sa tsraith chéanna; — Ní gá na fíniúnacha a chur i sraitheanna fad a urramaítear an dlús plandaithe íosta agus a sháraíonn an spás idir plandaí 0,50 méadar. — Féadfaidh dlús plandaithe íosta 5 000 planda in aghaidh an heicteáir a bheith ag fíniúnacha agus spásáil 2,20 méadar nó níos lú idir sraitheanna, faoi réir comhaontú a bheith sínithe ag an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO), ag an gcomhlacht cosanta agus bainistíochta (ODG), ag an oibreoir údaraithe lena mbaineann agus ag an oibreoir fíonóireachta i gcomhréir leis an gcreat-chomhaontú a d'fhormheas an coiste náisiúnta ábhartha an 29 Meitheamh 2023. Tá limistéar na bhfíniúnacha sin teoranta do 10 % d'achar iomlán dháileachtaí talún an ghabháltais ina dtáirgtear an fíon a chumhdaítear leis an ainmniúchán agus do 1 heicteár in aghaidh an ghabháltais.

(b) Rialacha maidir le prúnáil Tagann na fíonta ó fhíniúnacha a phrúnáiltear de réir na bhforálacha seo a leanas: forálacha ginearálta, dath fíona, rialacha maidir le prúnáil

Fíonta geala: is mar a leanas a dhéantar iad a phrúnáil: — prúnáil spor (fíniúnacha arna dtreorú le prúnáil Royat agus le prúnáil dhéthaobhach) le deich mbachlóg nó níos lú in aghaidh an phlanda; — nó prúnáil chána trí úsáid a bhaint as modh aonair Guyot, agus ocht mbachlóg nó níos lú in aghaidh an phlanda.

Fíonta dearga: Déantar na fíniúnacha a phrúnáil agus ocht mbachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda i gceist: — trí phrúnáil spor (fíniúnacha arna dtreorú le prúnáil Royat, prúnáil dhéthaobhach, 'cuachphrúnáil' nó '*éventail*'); — nó trí phrúnáil cána agus modh Guyot aonair á úsáid.

Forálacha speisialta: Bíonn teorainn 2 bhliain leis an tréimhse chun an tródam a bhunú. Le linn na tréimhse sin, ceadaítear prúnáil dhúbailte Guyot go cúig bhachlóg ar a mhéad ar gach cána. Féadfar prúnáil Guyot aonair a oiriúnú trí úsáid a bhaint as an dara spor, rud a fhágann gur féidir suíomh an chána a athrú ó bhliain go chéile. Beag beann ar an modh prúnála, is féidir na fíniúnacha a bhfuil bachlóga breise orthu a phrúnáil, ar choinníoll, ag an gcéim fheineolaíoch a chomhfhreagraíonn do 11 nó 12 dhuilleog, nach mó an líon bliantúil craobhacha a thugann torthaí in aghaidh an phlanda ná an líon bachlóg a bhunaítear leis na rialacha maidir le prúnáil.

I gcás fíniúnacha a chuirtear ag níos lú ná 9 000 planda in aghaidh an heicteáir, oiriúnaíodh na rialacha prúnála chun a chur san áireamh gur in aghaidh an mhéadair chearnaigh atá an líon bachlóg nó craobhacha ar a bhfuil torthaí in aghaidh an phlanda.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál

Fíonta geala

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	64
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál

Fíonta dearga

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	58
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál

Fíonta geala atá incháilithe chun an téarma ‘premier cru’ a úsáid

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	62
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál

Fíonta dearga atá incháilithe chun an téarma ‘premier cru’ a úsáid

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	56
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó ar na cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Aligoté B

— Chardonnay B

— César N

— Melon B

— Pinot Blanc B

— Pinot Gris G

— Pinot Noir N

— Sacy B

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Buantar na fíonchaora agus déantar, forbraítear agus aosaítear na fíonta i gcríoch bhardas Meursault i roinn Côte-d'Or.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóirí na dtáirgí fíniúna

1. Fíon

Tuairisc ar an nasc

a) Tuairisc ar na tosca nádúrtha is ábhartha don nasc

Tá an limistéar geografach suite i réigiún fíonsaothrúcháin Côte de Beaune, droim droimneach ar a bhfuil taobh díreach a shíneann thart ar 25 chiliméadar soir ó thuaidh/siar ó dheas, a bheag nó a mhór. Tá an airde sin ar de bhunús teicteonach í ina deighilt idir ardchláir aolchloiche 'Hautes Côtes' ar an taobh thiar, ag airde idir 400 agus 500 méadar, agus machaire Bresse ar an taobh thoir, scoiltghleann Treasach ag airde thart ar 250 méadar atá ar dronuillinn leis an 'Côte' (fána). Tá an limistéar geografach teoranta do bhardas Meursault amháin, laisteas de bhaile Beaune, i roinn Côte-d'Or, an Bhurgúin. In Meursault, tá topagrafaíocht sách casta ag aghaidh an 'Côte', atá thart ar 150 méadar ar airde, mar thoradh ar an liteolaíocht éagsúil agus an t-éascadh dian. Is éard atá sa bhuncharraig sraitheanna malartacha aolchloiche agus marla (aolchloch chréúil). Is d'aolchloch is mó é comhdhéanamh na chéad scairpe, a théann siar go dtí an Tréimhse Iúrasach Mheánach. 'Aolchloch Chassagne', aolchloch ollmhór atá íogair ó thaobh seaca de atá ag bun na fána agus a cairéalaíodh go forleathan mar chloch thógála roimhe sin. Tá sé cumhdaithe le ciseal tanaí marla, agus sraith aolchloiche dolaimíte ina dhiaidh sin, a eastóscadh roimhe seo ó chairéil oscailte agus ó chairéil faoi thalamh araon. Críochnaíonn an seicheamh le cisil thanaí aolchloiche ar a dtugtar *dalle nacrée* (leac ar dhath an phéarla), a chruthaíonn scairp shainiúil leath bealaigh suas an fhána. Tá an leibhéal sin breac le seanchairéil, cuid acu mór. Is éard atá sa dara haonad geolaíoch, ón Tréimhse Iúrasach Uachtarach, sraith shubstaintiúil mharla a bhfuil ciseal aolchloiche crua ar a bharr arb é sin an sceir uachtair. Is minic nach féidir buncharraig mharla aolchloiche nó dholaimíte na bhfánaí a fheiceáil mar gheall ar an sil-leagain snaíochair sciligh atá measctha le cré agus siolta, mar thoradh ar shíonchaitheamh na fo-ithreach agus ar an tír-raon iomarcach. Tá tírdhreach Meursault múnlaithe go láidir ag an liteolaíocht sin. Tá an fíonghort, atá curtha ar dháileachtaí talún ina bhfuil ithreacha a forbraíodh ar mharla agus aolchloch bhriste, fite fuaite le stiallacha coillteacha agus *chaumes* (féarthailte cailcreacha tirime) lena gcumhdaítear na cisil chrua aolchloiche. Tá ithreacha éadoimhne, lagfhorbartha ag na dáileachtaí fíonghort críochaithe, a fhoirmítear thar gach cineál buncharraige, ach amháin ar na foirmíochtaí crua aolchloiche, áit nach bhfuil barrithir ann. Síneann siad chomh fada leis na bunchnoic freisin, ar thalamh snaíochair cré-ghairbhéil dea-dhraenáilte. Tá na dáileachtaí talún atá beartaithe chun fíonta a tháirgeadh atá incháilithe chun an téarma 'premier cru' a bheith orthu suite ar an gcuid íochtarach de na fánaí, áit a bhfuil na hithreacha measartha torthúil agus a d'fhorbair ar aolchloch Chassagne, ar mharla na Tréimhse Iúrasaí Meánaí agus, go háitiúil, ar shil-leagain snaíochair na mbunchnoc. Tá aeráid mhuirí fhionnuar chun tosaigh, ach tá sí maolaithe ag tionchair ilchríochacha agus dheisceartacha ó chonair Rhône-Saône. Is ríléir carachtar muirí an réigiúin mar gheall ar an mbáisteach rialta mheasartha, thart ar 750 milliméadar in aghaidh na bliana, agus mar gheall ar an gcaoi nach mbíonn triomaigh mhóra ann sa samhradh. Bíonn teochtaí measartha fionnuair ann agus is é 10,5 C an mheánteocht bhliantúil. Tá foscadh ag an 'Côte', soir ó mhasaíf Morvan agus ardchláir na Burgúine, a fhágann go bhfuil sé níos teo agus níos tirime ná an réigiún i gcoitinne, rud atá fabhrach d'fhíonsaothrúchán ar ardchaighdeán (éifeacht an Foehn).

b) Tuairisc ar na tosca daonna is ábhartha don nasc

Is cosúil gur sráidbhaile fíonsaothrúcháin a bhí i sráidbhaile Meursault riamh. Cé go bhfuil easpa fianaise ann don chéad mhílaois dár ré, tá teistiméireachtaí ann ón 11ú haois. In 1098, bhronn Diúc na Burgúine, Eudes I, a fhíonghoirt atá suite gar don chaisleán ar Mhainistir nuabhunaithe Cîteaux. A bhuí le tabhartais a rinneadh ina dhiaidh sin, bhí manaigh na Cistéire in ann eastát suntasach a thógáil in Meursault, rud a d'éiligh fíonlann a thógáil – Château de Cîteaux an lae inniu – i gcroílár an tsráidbhaile inar caomhnaíodh an siléar boghtach ón 12ú haois. Tá cáil ar fhíonghoirt Meursault le fada mar gheall ar a bhfíonta geala, cé go dtáirgtear fíonta dearga ansin freisin. In 1816, thug Jullien dá aire gur díoladh na fíonta geala a táirgeadh in Meursault go coitianta faoin ainm 'Mont-rachet', ar comhartha cáilíochta é go soiléir. Tráth ar fíonta dearga a bhí i bhformhór na bhfíonta fíneálta a táirgeadh sa Bhurgúin, sheas Meursault amach as a tháirgeadh a bhí dírithe go bunúsach ar fhíonta geala, i gcodarsnacht le

sráidbhailte comharsanacha amhail Pommard nó Volnay. Ó na 1940í, thosaigh roinnt táirgeoirí 'Meursault' ag margú a bhfíonta sa bhuidéal, sa Fhrainc agus thar lear araon, rud a chruthaigh móiminteam nua a scaip go tapa chun bheith ar an bpríomh-mhodh margaíochta. In 1943, d'aithin Stát na Fraince go hoifigiúil liosta *climats* (téarma is minice a bhaineann le hainm dáileachta talún ar leith) laistigh d'fhíonghort 'Meursault' a d'fhéadfadh a bheith incháilithe chun an téarma 'premier cru' a úsáid. Is iad seo na *climats* is cáiliúla, aicmithe mar chéad ghrád nó dara grád in 1860 (aicmiú ag Coiste Físonsaothraithe Cheantar Beaune). Tá siad suite sa chuid íochtarach den fhána, ar chisil aolchloiche nó dolaimíte na Tréimhse Iúrasaí Meánaí. Cuirtear na fíniúnacha go dlúth, i gcomhréir leis na cleachtais atá ann faoi láthair in 'Côte de Beaune', ar minic iad a bheith níos mó ná 9 000 planda in aghaidh an heicteáir. Téann roinnt fíonta trí thréimhse fhada 'élevage'. In 2010, tháirg fíonghoirt 'Meursault' fíonta geala den chuid is mó, gan ach cúpla dáileacht talún ar na fánaí níos ísle ar cuireadh cineálacha fíniúna duibhe orthu chun fíonta dearga a tháirgeadh. Clúdaíonn siad thart ar 400 heicteár, a bhfuil 130 heicteár díobh incháilithe chun an téarma 'premier cru' a úsáid, lena mbaineann meántáirgeadh bliantúil thart ar 18 000 heictilítear d'fhíonta geala agus níos lú ná 400 heictilítear d'fhíonta dearga (2 % den táirgeadh).

c) Faisnéis maidir le cáilíocht agus saintréithe an táirge

Tá na fíonta geala tirim, tá cumhracht láidir ina saintréith acu, agus is minic a bhíonn meascán de shiollaí tóstáilte agus almóinne le brath orthu. Sa bhéal, bíonn an fíon aramatach marthanach maothlach mar gheall ar an uigeacht mhín, shéimh, arna cothromú leis an aigéadacht is gá le haghaidh fíonta a bhfuil acmhainneacht aosúcháin iontu. I measc fhíonta na Burgúine, tá fíonta geala 'Meursault' sainiúil mar gheall ar an gcarachtar casta ceannasach sin.

Cé nach dtáirgtear ach líon an-bheag fíonta dearga, tá sé chomh sainiúil céanna mar sin féin. Is fíonta neamhchoitianta iad sin a bhfuil meas ar a mblas torthaí dearga, agus go háirithe silíní dubha, chomh maith lena n-úire agus a bhfíneáltacht.

d) Idirghníomhaíochtaí cúisíocha

Leis an aeráid mhuirí fhionnuar, mar aon le suíomh topagrafach an-fhabhrach, lena dtugtar le chéile suíomh a bhfuil a aghaidh soir agus fánaí réidhe, agus na hithreacha marla Iúrasaigh agus aolchloiche ina bhfuil dolaimít, soláthraítear na dálaí is fearr don chineál fíniúna Chardonnay B, atá dúchasach don Bhurgúin.

Cuireann limistéar 'Meursault' tírdhreach éagsúil ar fáil, rud a léiríonn éagsúlacht shaibhir dálaí topagrafacha agus geolaíocha araon. Cosúil leis an tírdhreach, taispeánann na fíonta geala raon leathan miondifríochtaí, a chuirtear i dtábhacht trí *climat* tionscnaimh na bhfíonchaor a léiriú. Ar an gcaoi chéanna, léiríonn na fíonta dearga, a tháirgtear ó fhíniúnacha nach bhfuil ach i líon teoranta limistéar, an chastacht chéanna. Leis na glúine anuas, tá táirgeoirí tar éis leas a bhaint as na dálaí eisceachtúla sin, atá an-oiriúnach don chineál Chardonnay B, trí shaineolas a fhorbairt lena gcuirtear chun cinn táirgeadh fíonta i méideanna beaga ach ar ardchaighdeán, mar a léirítear leis an acmhainneacht aosúcháin den scoth atá iontu. Cuirtear na fíniúnacha ag dlús ard. De réir traidisiúin, déantar na fíonta a aibiú ar feadh 6 mhí ar a laghad, lena n-áirithítear cáilíocht coinneála mhaith, a n-athraíonn a méid de réir shaintréithe bhliain an fhíona agus an *climat* araon. In 1778, dúirt an staraí Burgúnach Abbé Courtépée, ina shaothar 'Tuairisc générale et particulière du Duché de Bourgogne' [Tuairisc ghinearálta agus shonrach ar Dhiúcacht na Burgúine] an méid seo a leanas: 'Fíonghoirt mhaithe, a bhfuil cáil ar a bhfíonta geala ar fud na Fraince. Is iad Charmes, Perrières, Genevrières, Goutte d'Or... na *climats* is fearr.' Tá siad uile incháilithe an téarma 'premier cru' a bheith orthu. In 1816, liostaigh Jullien fíonta dearga 'Meursault' mar fhíonta den cheathrú haicme i measc fhíonta finéalta na Burgúine. Cuirtear na fíonta geala sa dara haicme, agus 'La Perrière' ag an mbarr. Chomh luath le 1923, d'eagraíodh táirgeoirí 'Meursault', ceannródaithe i gcur chun cinn a bhfíonta, féasta mór cairdiúil gach fómhar ar a dtugtar *Paulée*, téarma réigiúnach ar bhéile dheireadh na buana. Ba ghnách le gach táirgeoir rannpháirteach rogha buidéal fíona mhín a thabhairt óna shiléar féin lena roinnt leo siúd a bhí ina suí in aice leo ag an mbord. Tá cáil idirnáisiúnta bainte amach ag an imeacht seo, a thug na céadta aíonna le chéile, agus, in éineacht le *Chevaliers du Tastevin* (Bráithreachas Ridirí an Chupáin um Blaiseadh Fíona) ag Clos de Vougeot, agus leis an gceant fíona cáiliúil *Hospices de Beaune*, tá sé mar chuid de *Les Trois Glorieuses* (Na Trí Lá Glórmhara), féile fíona bhliantúil cáiliúil trí lá sa Bhurgúin. Is deis é freisin do tháirgeoirí an duais liteartha bhliantúil 'Prix de la Paulée de Meursault' a bhronnadh ar scríbhneoir as saothar a bhaineann le fíon.

Tá clú ar Meursault toisc gur éirigh le daoine ní hamháin léiriú iomlán *terroir* Meursault a nochtadh, ach freisin a chuid fíonta a chur chun cinn agus a bpaisean a roinnt le daoine atá an-tugtha d'fhíonta fíneálta. Tá 'Meursault' i measc 'crus' de chuid 'Côte de Beaune' is mó cáil. Le himeacht ama, tá cáil bainte amach ag na fíonta sin a fhágann go n-aithnítear go hidirnáisiúnta iad mar eiseamláir na bhfíonta geala tirime iontacha.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Lipéadú

An creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais / mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

(a) Is féidir ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint a fhorlíonadh leis an téarma traidisiúnta 'premier cru'. Is féidir na hainmniúcháin gheografacha fhorlíontacha (*climats*) thíos a chur i ndiaidh ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos maidir leis na fíonta atá i dteideal an téarma traidisiúnta 'premier cru' a bheith orthu:

LIOSTA *CLIMATS* — 'Charmes', — 'Clos des Perrières', — 'Genevrières', — 'La Jeunellotte', — 'La Pièce sous le Bois', — 'Le Porusot', — 'Les Bouchères' — 'Les Caillerets', — 'Les Cras', — 'Les Gouttes d'Or', — 'Les Plures', — 'Les Ravelles', — 'Les Santenots Blancs', — 'Les Santenots du Milieu', — 'Perrières', — 'Porusot', — 'Sous Blagny'. — 'Sous le Dos d'Ane'.

Ní mór ainm *climat* is féidir a úsáid i gcomhar leis an téarma traidisiúnta 'premier cru' a bheith díreach i ndiaidh ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus é a phriontáil i litreacha nach mó, ar airde ná ar leithead, ná na litreacha lena litrítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

(b) Féadfaidh ainm aonaid gheografaigh níos lú a bheith le feiceáil ar lipéadú fíonta a chumhdaítear leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint, ar choinníoll gur fíor na nithe seo a leanas: — is ainm áite sa chlár talún é; — tá sé le feiceáil ar an dearbhú buainte. — ní hionann é agus aon cheann de na *climats* atá incháilithe chun an téarma 'premier cru' a úsáid; — ní dhéantar na fíonta as fíniúnacha a chuirtear ar na dáileachtaí talún seo a leanas i mbardas Meursault: CUID CHADASTRACH UIMHIR CHADASTAIR G 66 — 69 — 71 — 72 — 73 — 74 — 75 — 79 — 81 — 82 — 83 — 84 — 85 — 86. BI 129 — 130 — 131 — 135 — 136 — 137 — 138 — 139. BO 107 — 109 — 110 — 111 — 112 — 113 — 114 — 115 — 116 — 117 — 124 — 126 — 127 — 128. BP 92 — 93 — 101 — 102 — 103 — 104 — 105. AK 94 — 95 — 96 — 98 — 99. AL 160 — 162 — 163 — 173 — 181 — 182 — 183 — 184

Ní fhéadfadh na litreacha a úsáidfear chun ainm na háite a phriontáil a bheith níos mó, ar airde ná ar leithead, ná leath de mhéid na litreacha ina scríobhtar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

(c) Féadfaidh an t-aonad geografach níos mó 'Vin de Bourgogne' nó 'Grand Vin de Bourgogne' a bheith le feiceáil ar lipéadú fíonta a chumhdaítear leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint.

(d) I gcás ina dtagann an t-ainmniúchán geografach forlíontach 'Côte de Beaune' i ndiaidh ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, bíonn an t-ainmniúchán geografach forlíontach sin le feiceáil díreach tar éis ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint gan aon fhocal eile eatarthu. Priontáiltear é i gcarachtair chomhionanna atá ar aon mhéid, ar aon dath agus ar aon chló le carachtair ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

(e) Tá toirmeasc ar an gcineál fíniúna a lua ar lipéid fíonta a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint acu.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Limistéar díreach in aice láimhe

An creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais / mhaolaithe breise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú ag maolú maidir leis na fíonta a dhéanamh, a fhorbairt agus a aosú, cuimsítear críoch na mbardas seo a leanas, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2024:

— Roinn Côte-d'Or: Agencourt, Aloxe-Corton, Ancey, Arcenant, Argilly, Autricourt, Auxey-Duresses, Baubigny, Beaune, Belan-sur-Ource, Bévy, Bissey-la-Côte, Bligny-lès-Beaune, Boncourt-le-Bois, Bouix, Bouze-lès-Beaune, Brion-sur-Ource, Brochon, Cérilly, Chambœuf, Chambolle-Musigny, Channay, Charrey-sur-Seine, Chassagne-Montrachet, Châtillon-sur-Seine, Chaumont-le-Bois, Chaux, Chenôve, Chevannes, Chorey-lès-Beaune, Collonges-lès-Bévy, Combertault, Comblanchien, Corcelles-les-Arts, Corcelles-les-Monts, Corgoloin, Cormot-Vauchignon, Corpeau, Couchey, Curley, Curtil-Vergy, Daix, Dijon, Ebaty, Echevronne, Epernay-sous-Gevrey, L'Etang-Vergy, Etrochey, Fixin, Flagey-Echézeaux, Flavignerot, Fleurey-sur- Ouche, Fussey, Gerland, Gevrey-Chambertin, Gilly-lès-Cîteaux, Gomméville, Grancey-sur-Ource, Griselles, Ladoix-Serrigny, Lantenay, Larrey, Levernois, Magny-lès-Villers, Mâlain, Marcenay, Marey-lès-Fussey, Marsannay-la-Côte, Massingy, Mavilly-Mandelot, Meloisey, Merceuil, Messanges, Meuilley, Meursanges, Molesme, Montagny-lès-Beaune, Monthelie, Montliot-et-Courcelles, Morey-Saint-Denis, Mosson, Nantoux, Nicey, Noiron-sur-Seine, Nolay, Nuits-Saint-Georges, Obtrée, Pernand-Vergelesses, Perrigny-lès-Dijon, Plombières-lès-Dijon, Poinçon-lès-Larrey, Pommard, Pothières, Premeaux-Prissey, Prusly-sur-Ource, Puligny-Montrachet, Quincey, Reulle-Vergy, La Rochepot, Ruffey-lès-Beaune, Saint-Aubin, Saint-Bernard, Sainte-Colombe-sur-Seine, Sainte-Marie-la-Blanche, Saint-Philibert, Saint-Romain, Santenay, Savigny-lès-Beaune, Segrois, Tailly, Talant, Thoires, Valforêt (an chuid a chomhfhreagraíonn d'iarbhardas Clémencey), Vannaire, Velars-sur-Ouche, Vertault, Vignoles, Villars-Fontaine, Villebichot, Villedieu, Villers-la-Faye, Villers-Patras, Villy-le-Moutier, Vix, Volnay, Vosne-Romanée agus Vougeot;

— Roinn na Róine: Alix, Anse, L'Arbresle, Les Ardillats, Arnas, Bagnols, Beaujeu, Belleville-en-Beaujolais, Belmont-d'Azergues, Blacé, Le Breuil, Bully, Cercié, Chambost-Allières, Chamelet, Charentay, Charnay, Châtillon, Chazay-d'Azergues, Chénas, Chessy, Chiroubles, Cogny, Corcelles-en-Beaujolais, Denicé, Dracé, Emeringes, Fleurie, Frontenas, Gleizé, Jarnioux, Juliénas, Jullié, Lacenas, Lachassagne, Lancié, Lantignié, Légny, Létra, Limas, Lozanne, Lucenay, Marchampt, Marcy, Moiré, Montmelas-Saint-Sorlin, Morancé, Odenas, Le Perréon, Pommiers, Portes des Pierres Dorées, Quincié-en-Beaujolais, Régnié-Durette, Rivolet, Saint-Clément-sur-Valsonne, Saint-Cyr-le-Chatoux, Saint-Didier-sur-Beaujeu, Saint-Etienne-des-Oullières, Saint-Etienne-la-Varenne, Saint-Georges-de-Reneins, Saint-Germain-Nuelles, Saint-Jean-des-Vignes, Saint-Julien, Saint-Just-d'Avray, Saint-Lager, Saint-Romain-de-Popey, Saint-Vérand, Sainte-Paule, Salles-Arbuissonnas-en-Beaujolais, Sarcey, Taponas, Ternand, Theizé, Val d'Oingt, Vaux-en-Beaujolais, Vauxrenard, Vernay, Villefranche, Ville-sur-Jarnioux, Villié-Morgon and Vindry-sur-Turdine (an chuid a chomhfhreagraíonn d'iarbhardais Dareizé, Les Olmes agus Saint-Loup);

— Roinn Saône-et-Loire: Aluze, Ameugny, Azé, Barizey, Beaumont-sur-Grosne, Berzé-la-Ville, Berzé-le-Châtel, Bissey-sous-Cruchaud, Bissy-la-Mâconnaise, Bissy-sous-Uxelles, Bissy-sur-Fley, Blanot, Bonnay-Saint-Ythaire, Bouzeron, Boyer, Bray, Bresse-sur-Grosne, Burgy, Burnand, Bussières, Buxy, Cersot, Chagny, Chaintré, Chalon-sur-Saône, Chamilly, Champagny-sous-Uxelles, Champforgeuil, Chânes, Change, Chapaize, La Chapelle-de-Bragny, La Chapelle-de-Guinchay, La Chapelle-sous-Brancion, Charbonnières, Chardonnay, La Charmée, Charnay-lès-Mâcon, Charrecey, Chasselas, Chassey-le-Camp, Château, Châtenoy-le-Royal, Chaudenay, Cheilly-lès-Maranges, Chenôves, Chevagny-lès-Chevrières, Chissey-lès-Mâcon, Clessé, Cluny, Cormatin, Cortambert, Cortevaix, Couches, Crêches-sur-Saône, Créot, Cruzille, Culles-les-Roches, Curtil-sous-Burnand, Davayé, Demigny, Dennevy, Dezize-lès-Maranges, Donzy-le-Pertuis, Dracy-le-Fort, Dracy-lès-Couches, Epertully, Etrigny, Farges-lès-Chalon, Farges-lès-Mâcon, Flagy, Fleurville, Fley, Fontaines, Fragnes-la-Loyère (an chuid a

chomhfhreagraíonn d'iarbhardas La Loyère), Fuissé, Genouilly, Germagny, Givry, Granges, Grevilly, Hurigny, Igé, Jalogny, Jambles, Jugy, Jully-lès-Buxy, La Vineuse-sur-Frégande (an chuid a chomhfhregraíonn d'iarbhardais Donzy-le-National, La Vineuse agus Massy), Lacrost, Laives, Laizé, Lalheue, Leynes, Lournand, Lugny, Mâcon, Malay, Mancey, Martailly-lès-Brancion, Massilly, Mellecey, Mercurey, Messey-sur-Grosne, Milly-Lamartine, Montagny-lès-Buxy, Montbellet, Montceaux-Ragny, Moroges, Nanton, Ozenay, Paris-l'Hôpital, Péronne, Pierreclos, Plottes, Préty, Prissé, Pruzilly, Remigny, La Roche-Vineuse, Romanèche-Thorins, Rosey, Royer, Rully, Saint-Albain, Saint-Ambreuil, Saint-Amour-Bellevue, Saint-Boil, Saint-Clément-sur-Guye, Saint-Denis-de-Vaux, Saint-Désert, Saint-Gengoux-de-Scissé, Saint-Gengoux-le-National, Saint-Germain-lès-Buxy, Saint-Gervais-sur-Couches, Saint-Gilles, Saint-Jean-de-Trézy, Saint-Jean-de-Vaux, Saint-Léger-sur-Dheune, Saint-Mard-de-Vaux, Saint-Martin-Belle-Roche, Saint-Martin-du-Tartre, Saint-Martin-sous-Montaigu, Saint-Maurice-de-Satonnay, Saint-Maurice-des-Champs, Saint-Maurice-lès-Couches, Saint-Pierre-de-Varennes, Saint-Rémy, Saint-Sernin-du-Plain, Saint-Symphorien-d'Ancelles, Saint-Vallerin, Saint-Vérand, Saisy, La Salle, Salornay-sur-Guye, Sampigny-lès-Maranges, Sancé, Santilly, Sassangy, Saules, Savigny-sur-Grosne, Sennecey-le-Grand, Senozan, Sercy, Serrières, Sigy-le-Châtel, Sologny, Solutré-Pouilly, Taizé, Tournus, Uchizy, Varennes-lès-Mâcon, Vaux-en-Pré, Vergisson, Vers, Verzé, Le Villars, Vinzelles agus Viré;

— Roinn Yonne: Aigremont, Annay-sur-Serin, Arcy-sur-Cure, Asquins, Augy, Auxerre, Avallon, Bazarnes, Beine, Bernouil, Béru, Bessy-sur-Cure, Bleigny-le-Carreau, Censy, Chablis, Champlay, Champs-sur-Yonne, Chamvres, La Chapelle-Vaupelteigne, Charentenay, Châtel-Gérard, Chemilly-sur-Serein, Cheney, Chevannes, Chichée, Chitry, Collan, Coulangeron, Coulanges-la-Vineuse, Courgis, Cruzy-le-Châtel, Dannemoine, Deux-Rivières, Dyé, Epineuil, Escamps, Escolives-Sainte-Camille, Fleys, Fontenay-près-Chablis, Gy-l'Evêque, Héry, Irancy, Island, Joigny, Jouancy, Junay, Jussy, Lichères-près-Aigremont, Lignorelles, Ligny-le-Châtel, Lucy-sur-Cure, Maligny, Mélisey, Merry-Sec, Migé, Molay, Molosmes, Montholon (an chuid a chomhfhreagraíonn d'iarbhardais Champvallon, Villiers-sur-Tholon agus Volgré), Montigny-la-Resle, Mouffy, Moulins-en-Tonnerois, Nitry, Noyers, Ouanne, Paroy-sur-Tholon, Pasilly, Pierre-Perthuis, Poilly-sur-Serein, Pontigny, Préhy, Quenne, Roffey, Rouvray, Saint-Bris-le-Vineux, Saint-Cyr-les-Colons, Saint-Père, Sainte-Pallaye, Sainte-Vertu, Sarry, Senan, Serrigny, Tharoiseau, Tissey, Tonnerre, Tronchoy, Val-de-Mercy, Vallan, Venouse, Venoy, Vermenton, Vézannes, Vézelay, Vézinnes, Villeneuve-Saint-Salves, Villy, Vincelles, Vincelottes, Viviers agus Yrouerre.

I gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún, comhfhreagraíonn an limistéar atá díreach in aice láimhe do limistéar atá díreach in aice leis an limistéar críochaithe atá i gceist.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-f14f68d0-cb2a-49ca-9fa5-edd6b2828624